



## Nótaí don Dalta: Obair le hÍomhánna Gluaiste

- ⚙ Amharc ar na samplaí de tháirgí íomhá ghluaiste a thug an múinteoir duit. Labhair faoi thosach, lár agus deireadh an tsnáithe scéil .
- ⚙ Déan comhad tionscadail nua i do bhogearraí íomhá ghluaiste.
- ⚙ Úsáid na bogearraí le sraitheog ghairid de ghearrthóga a eagrú. Cuirfidh do mhúinteoir na rudaí sin ar fáil nó is féidir leat ceamara a úsáid le do chinn féin a thaifeadh.
- ⚙ Iarr ar do mhúinteoir nó ar pháirtí ranga cuidiú leat fuaim a chur leis an scannán agat agus cuir sleamhnán teidil leis.
- ⚙ Sábháil do scannán, agus úsáid comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.
- ⚙ Iarr ar pháirtí ranga amharc ar do scannán. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.



## Nótaí don Dalta: Obair le hÍomhánna Gluaiste

- Amharc ar na samplaí de tháirgí íomhá ghluaiste a thug an múinteoir duit agus/nó mol samplaí de do chuid féin. Labhair faoi thosach, lár agus deireadh an tsnáithe scéil .
- Cruthaigh clár scéil do do scannán, ar a n-áirítear cuid de theanga íomhá ghluaiste. Agus pleanáil á déanamh, cuir an lucht féachana agus an cuspóir atá agat san áireamh.
- Úsáid do bhogearraí íomhá ghluaiste le comhad tionscadail nua a chruthú.
- Úsáid na bogearraí le sraitheog ghairid de ghearrthóga a eagrú. Cuirfidh do mhúinteoir na rudaí sin ar fáil nó is féidir leat ceamara a úsáid le do chinn féin a thaifeadadh.
- Úsáid uirlisí agus gnéithe do bhogearraí íomhá ghluaiste le fuaim, trasdulta agus teidil a chur isteach.
- Úsáid comhadainm le do scannán a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.
- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar do scannán. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.



## Nótaí don Dalta: Obair le hÍomhánna Gluaiste

- ⚙️ Faigh samplaí de tháirgí íomhá ghluaiste atá ábhartha don tionscadal agat agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithe na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Déan nóta den taighde seo i do dhialann tionscadail.
- ⚙️ Cruthaigh clár scéil do do scannán, agus cuir isteach cur síos ar sheatanna, frapaí príomha agus tomhais ama réamh-mheasta. Úsáid an teanga a bhaineann le hÍomhá ghluaiste le tacú le do phleanáil. Cuir script isteach, más cuí.
- ⚙️ Smaoinigh ar an lucht féachana agus ar an chuspóir i rith an ama le linn duit bheith ag planáil do scannáin agus ag déanamh eagarthóireachta air.
- ⚙️ Bunaithe ar do phlean, faigh nó cruthaigh íomhánna ar bith ó cheamthaifeadán nó ó cheamara atá tú ag brath a úsáid. Impórtáil do chuid gearrthóg uilig isteach sna bogearraí eagarthóireacht scannáin agat.
- ⚙️ Faigh nó cruthaigh comhaid fuaime fóirsteanacha don scannán atá beartaithe agat. Iompórtáil na fuaimeanna seo isteach i do thionscadal íomhá ghluaiste.
- ⚙️ I ndiaidh duit na sócmhainní uilig a impórtáil isteach sna bogearraí eagarthóireacht scannán, bain triail as a réimse gnéithe agus uirlisí leis an éifeacht a chruthú atá tú a iarraidh.
- ⚙️ Cuir isteach aon teidil, fotheidil agus teidil chreidiúna mar is gá.
- ⚙️ Déan athbhreithniú ar do scannán le páirtí ranga agus seiceáil go bhfuil gach rud mar a bhí beartaithe agat. Déan athruithe ar bith a chuirfidh feabhas ar an táirge deiridh agat.
- ⚙️ Úsáid comhadainm ábhartha le do scannán a shábháil agus easpórtáil i bhformáid chuí é a mbeidh daoine eile ábalta breathnú air.
- ⚙️ Déan tagairt do do chuid nótaí taighde i do dhialann tionscadail. Déan nóta de dhá phríomhghné ar a laghad a fhágann go bhfuil do shuíomh gréasáin éifeachtach don lucht féachana agus don chuspóir dá ndearnadh é.
- ⚙️ Smaoinigh ar na gnéithe agus ar na tréithe i do scannán a gcuirfeá feabhas orthu dá mbeifeá á dhéanamh arís. Déan taifead de do chuid smaointe i do dhialann tionscadail.
- ⚙️ Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.



## Nótaí don Dalta: Obair le hÍomhánna Gluaiste

- ❗ Faigh samplaí de tháirgí íomhá ghluaiste atá ábhartha don tionscadal agat agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Socraigh cé acu de na tréithe seo atá ábhartha don tionscadal agat. Cosain an fáth a bhfuil rún agat iad a chur isteach i do thionscadal. Déan nóta den chosaint seo i do dhialann tionscadail.
- ❗ Agus an scannán á phleanáil agat smaoinigh ar na riachtanais atá ag an lucht féachana ar leith atá agat. Déan nóta díobh seo mar chuspóirí do do tháirge deiridh i do dhialann tionscadail. Déan tagairt do do chuid nótaí le linn duit bheith ag dearadh lena chinntiú go bhfuil tú ag comhlíonadh na gculpóirí seo.
- ❗ Cruthaigh clár scéil do do scannán, agus cuir isteach cur síos ar sheatanna, frapaí príomha agus tomhais ama réamh-mheasta. Úsáid an teanga a bhaineann le hÍomhá ghluaiste le tacú le do phleanáil. Cuir script isteach, más cuí.
- ❗ Smaoinigh ar an lucht féachana agus ar an chuspóir i rith an ama le linn duit bheith ag planáil do scannáin agus ag déanamh eagarthóireachta air.
- ❗ Bunaithe ar do phlean, faigh nó cruthaigh íomhánna ar bith ó cheamthaifeadán nó ó cheamara atá tú ag brath a úsáid. Impórtáil do chuid gearrthóg uilig isteach sna bogearraí eagarthóireacht scannáin agat.
- ❗ Faigh nó cruthaigh comhaid fuaime fóirsteanacha don scannán atá beartaithe agat. Iompórtáil na fuaimeanna seo isteach i do thionscadal íomhá ghluaiste.
- ❗ I ndiaidh duit na sócmhainní uilig a impórtáil isteach sna bogearraí eagarthóireacht scannán, bain triail as a réimse gnéithe agus uirlisí leis an éifeacht a chruthú atá tú a iarraidh.
- ❗ Cuir isteach aon teidil, fotheidil agus teidil chreidiúna mar is gá.
- ❗ Cinntigh go bhfuil na comhaid a d'úsáid tú le do scannán a dhéanamh slachtmhar. Scríos comhaid mhóra ar bith nach bhfuil de dhíth níos mó. Sábháil do chuid oibre ag pointí tábhachtacha agus déan cóip le nach gcaillfear leaganacha rathúla.
- ❗ Déan athbhreithniú ar do scannán le páirtí ranga. Déan nóta i do dhialann tionscadail de réimsí ar bith a gcaithfidh tú tuilleadh eagarthóireachta a dhéanamh orthu. Déan athruithe nuair is cuí. Déan an próiseas athbhreithnithe seo arís go dtí go bhfuil do tháirge deiridh chomh cóngarach agus is féidir don chéad intinn a bhí agat agus tú ag cur do chuid cuspóirí san áireamh.
- ❗ Úsáid comhadainm ábhartha le do scannán a shábháil agus a easpórtáil i bhformáid chuí a mbeidh daoine eile ábalta breathnú air nó úsáid a bhaint as ar ardáin éagsúla, amhail guthán póca, teilifís réscáileáin agus ríomhaire.
- ❗ Déan tagairt don dialann tionscadail agat lena chosaint an dóigh ar chomhlíon do tháirge na cuspóirí a bhí agat ag an tús, agus déan tagairt ar leith don lucht féachana agus don chuspóir agat. Taifead cuspóirí ar bith nár chomhlíon sé go hiomlán.
- ❗ Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.